M 86T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

---

## SCRÚDU NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2006

---

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

---

DÉ CÉADAOIN, 21 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 go 5.00

---

- Tá ceisteanna ar DHEICH dTOPAIC ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí eagraithe ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10.

- Tá ar iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar CHEITHRE THOPAIC mar seo a leanas:
  Is gá topaic amháin a roghnú as *gach ceann* de na trí ghrúpa agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as ceann ar bith de na trí ghrúpa.

- Tá céad marc ag gabháil le gach topaic.

- Na fótagraif atá ag teastáil chun ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad le fáil ar pháipéar leis seo atá marcáilte le **X**.

**GRÚPA I: Na Topaicí 1 go 4**

## Topaic I. An Aithin i mbun Cogaíochta. [100]

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):

(i) Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar *Chogadh na Peilpinéise* le Túicídidéas, cé chomh tábhachtach agus a bhí Peiricléas, dar leat, do na hAithnigh?
Déan tagairt don téacs mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(ii) Ag tús Chogadh na Peilpinéise, thug muintir na Téibhe ruathar gan choinne faoi chathair Plataea.

(a) Déan cur síos ar imeachtaí na hoíche sin. (35)

(b) Cad a rinneadh ar na Téibhigh a gabhadh sa ruathar sin? (15)

(iii) Ina Agallamh Meiliach, déanann Túicídidéas cur síos ar cad a dúirt na hAithnigh agus na Meiligh.

(a) Cérbh iad na príomhphointí a rinne na hAithnigh? (30)

(b) Cén freagra a thug na Meiliaigh ar na pointí sin? (20)

(iv) Scríobh nótaí ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

Gylippus, an ginearál Spartach; Archidamus, Rí Sparta; Demosthenes, an ginearál Aithneach. (50)

---

## Topaic 2. Alastar Mór. [100]

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Cérbh í an tSnaidhm Ghoirdiach? (15)

(b) Déan cur síos ar conas a réitigh Alastar an rún a bhain leis an tSnaidhm Ghoirdiach. (15)

(c) Cad a insíonn an teagmhas sin dúinn faoi charachtar Alastair? (20)

(ii) (a) Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar *Fheachtais Alastair* le hArrian, cérbh iad na príomhbhotúin, dar leat, a rinne Rí na Peirse, Darius, ina fheachtas in aghaidh Alastair? (25)

(b) Tabhair cuntas ar bhás Darius. (25)

(iii) (a) Déan cur síos ar conas a chuir Alastar dallamullóg ar an Rí Indiach, Porus, agus ar conas a d'éirigh leis an abhainn Hydaspes a thrasnú. (30)

(b) Conas a chaith Alastar le Porus tar éis cath a bhriseadh air? (20)

(iv) (a) Tabhair cuntas ar an achrann géar a thosaigh idir Alastar agus Cleitus. (35)

(b) An gcuirfeá an milleán ar Alastar i ngeall ar bhás Chleitus san achrann sin? (15)
Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

---

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabhail le gach ceist):-

(i) (a) Cérbh iad na fadhbanna a bhí á gcothú ag foghlaithe mara don Róimh roimh fheachtas Phoimpéis ina n-aghaidh? (15)

(b) Déan cur síos ar conas a ruaig Poimpéas na foghlaithe mara amach as an Mheánmhuir. (35)

(ii) (a) Tabhair cuntas achomair ar chomhcheilg Chatailín. (40)

(b) Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar an ábhar dualgais, cén tuairim atá agat faoi charachtar Chatailín? (10)

(iii) (a) De réir Chicearó in *Buntáistí Nádúrtha na Róimhe,* cén fáth ar fearr nach mbeadh cathracha suite ar an bhfarraige? (30)

(b) De réir Chicearó, cad iad na buntáistí nádúrtha eile atá ag an Róimh? (20)

(iv) Tar éis an bhua a bhí aige ag Pharsalus, lean Caesar Poimpéas go dtí Cathair Alastair san Éigipt.

(a) Déan cur síos ar an gcruinniú a bhí ag Caesar le Cléapatra i gCathair Alastair. (20)

(b) Tabhair cuntas ar conas a chuaigh Caesar i ngar don bhás i gcath farraige ag Cathair Alastair. (30)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabhail le gach ceist):-

(i) (a) Cérbh iad na cluichí agus an siamsa a thug Ágastas do mhuintir na Róimhe? (35)

(b) Dar leatsa, cén fáth ar mheas Ágastas cluichí agus siamsa a bheith tábhachtach? (15)

(ii) De réir Suétonius ina *Beatha Ágastais*, ba nós le hÁgastas dúiseacht as a chodladh agus é ag glaoch amach "Varus, tabhair ar ais dom mo léigiúin".

(a) Tabhair cuntas ar an tubaiste a tharla do na léigiúin Rómhánacha faoi Varus sa Ghearmáin. (40)

(b) Cén tionchar a bhí ag an tubaiste sin ar phleananna Ágastais chun an Ghearmáin a chloí? (10)

(iii) Scríobh nótaí ar **aon bheirt** díobh seo a leanas:

Agrippa; Drusus (mac Thibéirias); Livia. (50)

(iv) Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar an ábhar dualgais, tabhair cuntas ar bhás Thibéirias. (50)

---

## GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.**

**[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabhail le gach ceist):-

(i) Léirigh, i gcás cuid mhaith de na carachtair in *Méidia* le hEoiripidéas, cé mar atá páistí tábhachtach ina leith. (50)

(ii) (a) De réir Éideapúis in *Éideapús Rí* le Sofaicléas, cén fáth nár mharaigh sé é féin nuair a fuair sé amach an fhírinne uafásach faoi féin? (35)

(b) Conas a chaitheann Creon le hÉideapús ó tharlaíonn anois go bhfuil sé dall agus lag? (15)

(iii) (a) Sa dráma le Sofaicléas, *Éideapús Rí*, cad a dhéanann Éideapús nuair a dhiúltaíonn Tiresias a bhfuil ar eolas aige a insint? (30)

(b) Cén t-eolas faoi Éideapus a thugann Tiresias de réir a chéile? (20)

(iv) (a) Dar leatsa, cad iad na rudaí is tábhachtaí le hIasón sa dráma le hEoiripidéas, *Méidia*?

(b) An mothaíonn tú trua ar bith d'Iasón ag deireadh an dráma? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.**

**[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Tá seanseirbhíseach Odaiséis, Eumaeus, ar cheann de na carachtair is fearr san *Odaisé* le Hóiméar. Agus tagairt agat d'imeachtaí an *Odaisé*, pléigh an tuairim go bhfuil Eumaeus cineálta, dílis agus misniúil. (50)

(ii) (a) I Leabhar 1 den *Aeinéid* le Veirgil, cén fáth a raibh Díodó tar éis a baile dúchais Tíoras a fhágáil agus teacht go dtí an Afraic chun cathair nua na Cartaige a bhunú? (15)

(b) Déan cur síos ar conas a d'úsáid Véineas a mac Cupid le tabhairt ar Dhíodó titim i ngrá le hAeinéas. (35)

(iii) (a) San *Odaisé* le Hóiméar, inis an scéal faoinar tharla d'Odaiséas agus a chuid fear nuair a thug Rí Aeólas mála na ngaoth dóibh. (40)

(b) Cé air a gcuirfeá an milleán as an tubaiste sin? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(iv) (a) San *Aeinéid* le Veirgil, sula ligfear d'Aeinéas dul síos isteach sa Domhan Íochtarach, cad a chaithfidh sé a dhéanamh? (20)

(b) Déan cur síos ar an gcruinniú a bhí ag Aeinéas le Díodó sa Domhan Íochtarach. (30)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Sa dán le hÓivid *Baucis agus Philemon*, déan cur síos ar an bhfáilte a chuir an tseanlánúin roimh na déithe Iúpatar agus Mearcair. (35)

(b) Conas a chúitigh na déithe a bhféile le Baucis agus Philemon? (15)

(ii) (a) Tabhair achoimre ar an scéal le Veirgil faoi Earcail agus Cacus. (35)

(b) Cad iad na codanna den scéal is drámata, dar leat? (15)

(iii) (a) De réir Livias ina *Mná Saibíneacha*, conas a d'éirigh le Romulus agus a chuid fear mná a aimsiú dá gcathair nua? (40)

(b) Cad a cheap Livias faoi iompraíocht na Rómhánach sa ghnó seo? (10)

(iv) (a) Ina dhán, *Imithe go dtí Clitumnus*, cén fáth a bhfuil Propertius sásta go bhfuil an Róimh fágtha ag Cynthia agus í imithe amach faoin tuath? (30)

(b) An ndéarfá gur fearr le Propertius saol na cathrach ná saol na tuaithe? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

---

## GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Déan staidéar ar an dealbh atá léirithe i bh**Fótagraf A** ar **Pháipéar X** agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) Cén t-ainm a thugtar ar an gcineál seo deilbhe d'fhear? (10)

(b) Cén ré dealbhóireachta de chuid na Gréige lena mbaineann an dealbh seo? (10)

(c) Cad iad na gnéithe den dealbh seo a bhaineann go tipiciúil leis an tréimhse seo? (30)

(ii) (a) Ainmnigh an teampall a léirítear i bh**Fótagraf B** ar **Pháipéar X.** (10)

(b) Agus na téarmaí cearta á n-úsáid agat, tabhair cur síos iomlán ar an teampall seo. (40)

(iii) Léiríonn **Fótagraf C** ar **Pháipéar X** *Nike* Paeonios.

(a) Cad is *Nike* ann? (15)

(b) Déan trácht ar shnoíodóireacht na héadaitheoireachta. (25)

(c) Conas a d'éirigh leis an dealbhóir gluaiseacht a chur in iúl sa dealbh seo? (10)

(iv) Léiríonn **Fótagraf D** ar **Pháipéar X** na dealbha ó pheidiméid Theampall Shéas ag Oilimpia.
Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** an fhíor lárnach sa pheidiméid.

(a) Cé hí an fhíor lárnach sa saothar seo? (10)

(b) Conas a rinne an t-ealaíontóir iarracht réiteach a fhail ar na fadhbanna a bhaineann le dealbha a fheistiú isteach i gcruth triantánach na peidiméide? (20)

(c) Cad iad na slite ina mbaineann an fhíor lárnach go tipiciúil le dealbhóireacht Luathchlasaiceach? (20)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabhail le gach ceist):-

(i) (a) Sa stát idéalach, cén sórt scéalta nach gceadóidh Sócraitéas go múinfí iad do pháistí? (25)

(b) Cad iad na cúiseanna a thugann Sócraitéas le scéalta dá leithéid a chosc? (25)

(ii) Cad iad na rialacha a leagann Sócraitéas síos dá Chosantóirí maidir le bia, tithíocht agus maoin phríobháideach? (50)

(iii) (a) Scríobh cuntas ar Shamhail na hUaimhe ag Platón. (35)

(b) Cén míniú atá ar an tsamhail seo, dar leat? (15)

(iv) De réir Shócraitéis, tá an cumas céanna ó nádúr ag fir agus ag mná chun gach cineál oibre sa Stát a dhéanamh.

Cad iad na hargóintí a úsáideann sé chun a chruthú gur mar sin atá an cás? (50)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** múrdhathadóireacht cháiliúil Rómhánach.

(a) Cén t-ainm a thugtar ar an múrdhathadóireacht seo? (10)

(b) Dar leatsa, cén fáth a raibh an oiread sin éilimh i dtithe Rómhánacha ar shaothair mhúrdhathadóireachta? (10)

(c) Déan cur síos ar an bpictiúr seo. (30)

(ii) Léiríonn **Fótagraf G** ar **Pháipéar X** an t-uiscerian Rómhánach ag Segovia sa Spáinn.

(a) Mínigh conas a thug uiscerianta dá leithéid uisce go dtí na bailte Rómhánacha. (15)

(b) Mínigh an tábhacht a bhain leis an áirse sna struchtúir sin. (20)

(c) Cuir an t-uiscerian seo i gcomparáid leis an uiscerian i nDeisceart na Fraince ar a dtugtar an Pont du Gard. (15)

(iii) Léiríonn **Fótagraf H** ar Pháipéar X busta portráide den Impire Commodus agus léiríonn **Fótagraf I** ar **Pháipéar X** busta portráide de sheanbhean.

(a) Conas a thaispeánann an dealbhóir go bhfuil Commodus á léiriú aige mar an laoch cáiliúil Earcail? (15)

(b) Cad a insíonn an busta seo dúinn faoi charachtar an Impire Commodus? (15)

(c) Déan cur síos ar an mbean a léirítear i bh**Fótagraf I**. Conas gur dealbh thipiciúil Rómhánach í? (20)

(iv) Léiríonn **Fótagraf J** ar **Pháipéar X** plean na bhFolcadán Staibiach (Stabian) ag Pompeii.

(a) Bain úsáid as an bplean seo chun cur síos a dhéanamh ar na Folcadáin Staibiacha. (30)

(b) Cén fáth a raibh folcadáin dá leithéid ina ngné thábhachtach den saol i mbailte Rómhánacha? (20)

---

Leathanach Bán

Leathanach Bán